English version below

Pacáiste nua POBAL dírithe ar pháistí

Tá sé anois 4 mhí ó sheoladh taispeántas POBAL ar fhoilseacháin i nGaeilge le 200 bhliain anuas. Tá ag éirigh go fíor mhaith leis an camchuairt tíre. Dúirt Séimí Mac Aindreasa, Oifigeach Forbartha le **POBAL**, agus duine de na daoine a rinne taighde agus tiomsiú ar an taispeántas agus leabhrán, 'Agus na scoileanna ag tosacht ar ais, beidh an- bhéim ar pháistí agus daltaí scoile nuair a bhogann an taispeántas go Leabharlann na Carraige Bána, Béal Feirste i mí Meán Fómhair

Déanann an taispeántas agus leabhrán taifead ar foilseacháin i nGaeilge le breis agus 200 bliain, agus anois tá pacáiste curtha le chéile do pháistí, bunaithe ar an t-eolas atá iontu. 'Chonaic muid deis chun scéal na foilseacháin seo a thabhairt chuig páistí óga agus daltaí na Gaelscoileanna, mar is seo cuid de scéal agus cúlra s'acu féin,' a dúirt Séimí . 'Tá pacáiste deas curtha le chéile againn, le ceisteanna, tomhais agus cluichí, iad uilig dírithe ar an t-eolas atá os a gcomhair. Leis na ceisteanna a fhreagairt, is gá staidéar a dhéanamh ar na seastáin agus ar an leabhrán, mar sin de, beidh na páistí ag foghlaim agus iad ag imirt.'



Dúirt Janet Muller, Príomhfheidhmeannach POBAL, 'Bheartaigh POBAL ar chuid de phictiúr fhorbairt na Gaeilge thar roinnt céadta bliain a cheapadh trí scrúdú nuachtlitreacha agus nuachtáin Gaeilge, suas go dtí soláthar nuachta ar líne an lae inniu. Tá muid iontach sásta leis an taispeántas agus leis an leabhrán a d'fhás as an togra seo, agus anois as an pacáiste seo do pháistí óga. Tá an taispeántas ag fás i gcónaí, agus tá sé soiléir ó na teachtaireachtaí dearfacha i leabhar na gcuairteoirí go bhfuil an taispeántas ag dul go mór i bhfeidhm ar an phobal mhór.''

Tá sé beartaithe ag an leabharlann féin cuireadh a thabhairt do scoileanna Béarla theacht chomh maith leis an taispeántas a fheiceáil. Tá an t-eolas ar fad, sna seastáin, sa leabhrán, agus sa phacáiste, dhátheangach, agus ta fáilte roimh chách theacht lena fheiceáil.

Beidh *Súil Charad* i **Leabharlann na Carraige Bána** ón **2ú Meán Fómhair** go dtí an **7ú Deireadh Fómhair.**

As seo amach, beidh *Súil Charad* le feiceáil mar chuid de lá mór na Gaeilge, **Cearta agus Ceiliúradh**, in **Aonach Naomh Seoirse**, ar an **9ú Deireadh Fómhair**, agus ansin i **Leabharlann an Iúr** don chuid eile de mhí **Dheireadh Fómhair**.

New POBAL package aimed at kids

It is now 4 months since POBAL's exhibition on Irish language publications was launched. The tour around the country is going well. Seimí Mac Aindreasa, Development Officer with **POBAL**, and one of those who researched and compiled the exhibition and booklet, said, 'With the schools starting back, children and schoolchildren will be the focus when **POBAL**'s exhibition, *Súil Charad*, opens in Whiterock Library in September.'

The exhibition and accompanying booklet document publications in Irish over more than 200 years, and now a package for children has been compiled, based on the information in them. 'We saw an opportunity to bring the story of these publications to young children and Gaelscoil pupils, because this part of their story and their background,' said Séimí . 'We have put together a nice package, with questions, puzzles and games, all of them dealing with the information in front of them. To answer the questions, you have to study the stands and the booklet, so the children learn as they play.'

Janet Muller, Chief Executive of POBAL, said, 'POBAL decided to capture part of the development of the Irish language over a few hundred years by looking at newsletters and newspapers in Irish, up to the wide choice of news available online today. We are very pleased with this exhibition and the booklet which grew from the project, and now this package for young children. The exhibition continues to grow, and it's clear from the very positive remarks being left in the visitor's book that the exhibition is having a positive effect on people.'

The library intends to invite English medium schools to see the exhibition. All the information on the stands, the booklet and the package, is bilingual, and everyone is welcome to come and visit.

Súil Charad will be **in Whiterock Library** from **2nd September** until the **7th October**.

After this, *Súil Charad* can be seen at the big Irish language day, **Cearta agus Ceiliúradh**, in **St. George's Market** on the **9th October**, and then in **Newry Library** until the end of October.